- RIALACHA AN CHOISTE LEABHARLAINNE -

a rialaíonn úsáid na Leabharlainne agus an tSeomra Léitheoireachta
do **Neamh-bhaill** an Acadaimh

Ba mhaith linn go mbainfeá sult as do sheal staidéir sa Leabharlann linn.

Ná bíodh leisce ort cabhair a iarraidh orainn má bhíonn deacrachtaí ar bith agat teacht ar eolas, srl.

1. AMANNA OSCAILTE AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA

1.1 Beidh an Leabharlann ar oscailt de ghnáth ó 10.00 r.n. go 5.30 i.n., Luan go Déardaoin agus 10.00 r.n. go 5.00 i.n. ar an Aoine.

1.2 Beidh an Leabharlann dúnta ar feadh achair i ndeireadh mí Bealtaine / tús mí Meitheamh gach bhliain le haghaidh glantacháin agus seiceála.

1.3 Dúnfar an Leabharlann anois is arís, ar laethanta agus ar uaireanta faoi leith, de réir mar a oireas don Chomhairle. Déanfar fógra a chur in airde sa Seomra Léitheoireachta agus ar suíomh idirlinn an Acadaimh i dtaobh na n-athruithe seo coicís chun tosaigh ar a laghad.

1.4 Tá cosc ar bhia agus dheoch taobh istigh de limistéar na Leabharlainne.

1.5 Iarrtar ciúnas sa Seomra Léitheoireachta i gcónaí.

1.6 Tá cosc ar ghutháin phóca agus ar raidiónna agus steiréanna a úsáid. Chun ceamara a úsáid, féach 5.3.

1.7 Ná tógtar cótaí nó málaí isteach sa Seomra Léitheoireachta (diomaite de mhálaí láimhe). Ba cheart eochair le haghaidh cófra taisce a fháil ó fhoireann an Halla. Ní mór málaí, srl. a chur i dtaisce sna cófraí. Ní ghlacann an tAcadamh le haon fhreagracht as sealúchas léitheoirí.

1.8 Ba chóir go síneofaí an Leabhar Freastail gach lá.

1.9 Ní cóir go rachadh léitheoirí chuig na seilfeanna sa Seomra Léitheoireachta gan cead a fháil ar dtús ón Leabharlannaí ar diúité. Ní mór go dtaispeánfaí don Leabharlannaí ar diúité gach leabhar a thógfaí ó sheilfeanna an tSeomra Léitheoireachta ina dhiaidh sin.

1.10 Ní thugtar cead isteach do léitheoirí ach sa Seomra Léitheoireachta amháin.

1.11 Níl cead ag léitheoirí cuairteoirí a thabhairt isteach sa Seomra Léitheoireachta gan cead a lorg roimh ré.

2. AG ÚSÁID SAOTHAR CLÓBHUAILTE

2.1 Iad siúd ar mian leo lámhscríbhinní nó ábhar faoi chló a iniúchadh, ba cheart dóibh foirmeacha clárúcháin leabharlainne a chomhlíonadh. Ní foláir cárta aitheantais bailí a thaispeáint agus

- litir dearbhúcháin ó Bhall den Acadamh, nó ó Leabharlannaí Contae nó ón Leabharlannaí nó ó Cheann Roinne in institiúid de chuid an Údaráis um Ardoideachais, nó ón Údarás um Árdoideachais féin nó ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, nó ó institiúid triú leibhéal i dTuaisceart Éireann, nó ón Rúnaí i gCumann Staire Áitiúla *nó*

- Ticéad Léitheoireachta ón Leabharlann Náisiúnta *nó*
- Ticéad Léitheoireachta ós na hAircíveanna Náisiúnta *nó*
- Ticéad Léitheoireachta ó Oifig na dTaifead bPoiblí i dTuaisceart Éireanna *nó*
- Ticéad Léitheoireachta ó Leabharlann Halla an Línéadaigh *nó*
- Cárta Rochtana Music PAL *nó*
- Litir Dearbhúcháin ó Dhámh Ollscoile (i gcás acadúlaithe ó thar lear agus mic léinn) *nó*
- Cárta Aitheantais Bailí Mic Léinn agus Pas.

Ní foláir bailíocht foirmeacha clárúcháin a bheith deimhnithe ag an Leabharlannaí nó ag an Leas-Leabharlannaí. Déanfar Ticéad Leabharlainne a eisiúint ar tháille €15 agus is féidir é d'athnuachaint in aghaidh na bliana. Ní ghá athchlárú ach ba cheart athruithe seoltaí, srl. a chur in iúl don Leabharlann.

2.2 Tá cead ag daoine ar Baill iad de Choistí Náisiúnta nó de Choimisiúin a bheith ag léamh sa Leabharlann. Déanfar Ticéad Léitheoireachta a chur ar fáil dóibh tar éis foirm clárúcháin a chomhlíonadh agus ní iarrfar orthu táille a íoc.

2.3 Beidh sealbhóirí cárta ALCID (foireann acadúil lánaimseartha, foireann a bhaineann le gnóthaí acadúla, mic léinn chláraithe dochtúireachta agus mic léinn chláraithe atá ag staidéar i gcomhair iarchéimeanna trí mhodh taighde go hiomlán) ó Leabharlanna atá mar bhaill de ALCID i dteideal léamh sa leabharlann ar chárta bailí ALCID a thaispeáint. Ní ghearrfar táille ar shealbhóirí cárta ALCID.

2.4 Bainfidh an Leabharlannaí cead ó dhuine ar bith a mhilleann aon saothar nó a dhiúltaíonn glacadh le rialacha na Leabharlainne.

2.5 Ba chóir go líonfadh léitheoirí slipeanna iarratais amach le haghaidh leabhar, srl. Ba chóir go bhfágfaí leabhair, irisí, micreascannáin, srl. ar ais ar an tralaí nuair atáthar réidh leo chun go gcuirfí ar ais ar na seilfeanna láithreach iad, agus é sin a chur in iúl don leabharlannaí atá ar diúité. Má theastaíonn an t-ábhar céanna uait arís, ba chóir go gcuirfí sin in iúl do dhuine d'fhoireann na Leabharlainne.

2.6 Níl cead ach pinn luaidhe a úsáid chun nótaí a scríobh as leabhair. Níl cead ag léitheoirí a meáchan a ligean anuas ar leabhair, iad a chur béal fúthu ar bhord nó eile, ná aon mharc ná scríbhinn a chur orthu. Níl cead ag léitheoirí scriosáin a úsáid sa Seomra Léitheoireachta.

3. AG BAINT ÚSÁIDE AS LÁMHSCRÍBHINNÍ

3.1 Ba cheart foirmeacha clárúcháin a chomhlíonadh de réir an ghnáis a luaitear faoi 2.1 agus 2.2 thuas, ach amháin go sonródh iarrthóirí ainm agus uimhir gach lámhscríbhinn a bheadh uathu.

3.2 Beidh sealbhóirí cárta ALCID, faoi 2.3 thuas, i dteideal lámhscríbhinní a léamh sa Leabharlann ar chárta bailí ALCID a thaispeáint.

3.3 Ba chóir go líonfadh léitheoirí slipeanna iarratais amach le haghaidh lámhscríbhinní. Ar fhágáil an tSeomra Léitheoireachta, ba chóir go bhfágfaí lámhscríbhinní ar ais ar bhord na lámhscríbhinní. Chun go laghdófar an láimhseáil ar lámhscríbhinní ón tréimhse roimh 1600, ní bheidh fáil ar an bhunchóip ach amháin mura n-oireann micreascannáin nó mura bhfuil fótastat ar fáil. Ní foláir don léitheoir teacht ar na lámhscríbhinní atá digitithe ar an Meamram Páipéar Ríomhaire (ISOS) i dtosach báire. Tá an acmhainn seo ar fáil sa Seomra Léitheoireachta (www.isos.dias.ie) agus caithfear é a úsáid seachas cás dá bharr a dhéanamh chun glacadh ar an mbun lámhscríbhinn. Sa chás sin, ní foláir litir nó ríomhphost a sheoladh chuig an Leabharlannaí 10 lá ar a laghad roimh ré agus is leis an Leabharlannaí a bheidh an cinneadh deireanach.

3.4 Ní mór do léitheoir peann luaidhe a úsáid má bhíonn sé/sí ag breacadh síos nótaí ó lámhscríbhinn. Ba chóir go mbainfeadh sé/sí úsáid as duilleog thrédhearcach chun an lámhscríbhinn a chaomhnú.

3.5 Níl cead ag léitheoirí a meáchan a ligean anuas ar lámhscríbhinní ná aon mharc ná scríbhinn a chur orthu. Má cheaptar páipéir a bheith as ord cuirtear é sin in iúl don Leabharlannaí. Níl cead ag léitheoirí iad a atheagrú.

3.6 Ní thabharfar lámhscríbhinní ar iasacht nó ní thabharfar cead lámhscríbhinn a thógáil amach as an Leabharlann gan cead sainráite ón Chomhairle.

4. AG FÁIL SAOTHAR CLÓBHUAILTE AR IASACHT

4.1 Ní dheonaítear cead iasachta do Neamh-bhaill. Tabharfar ábhair chlóbhuailte ar iasacht, áfach, d'institiúidí eile le haghaidh cúrsaí léitheoireachta:

(a) Is féidir iasachtaí díreacha a fháil ó leabharlanna HEA agus ó leabharlanna speisialta eile ar thaispeáint litreach nó foirme iasachta ó na leabharlanna luaite.

(b) Glacfar le foirmeacha BLDSC le haghaidh iasachtaí idir-leabharlanna go leabharlanna eile.

4.2 Má chailltear nó má mhilltear aon saothar clóbhuailte, ní mór íoc as an tsaothar sin nó ionadaí a fháil ina áit.

4.3 Ní thabharfar ábhar ar bith a foilsíodh roimh 1900, nó leabhair oirirce, srl. ar iasacht ach amháin le cead ón Leabharlannaí. Ní thabharfar saothair thagartha, foclóirí nó ciclipéidí ar iasacht. Tá dréachtaí tiomnachta áirithe nach bhfuil le fáil ar iasacht. Ní bhíonn ábhar úrnua a thig isteach sa Leabharlann le fáil ar iasacht go ceann trí seachtaine tar éis dó a theacht isteach ach amháin le cead an Leabharlannaí.

5. FÓTACHÓIPEANNA, MICREASCANNÁIN, GRIANGHRAIF, SRL.

5.1 Ní mór go líonfaí amach an fhoirm ordaithe chuí chun fótachóipeanna (xerox) de shaothair chlóbhuailte a fháil. Déanfaidh an Leabharlannaí ar diúité cinneadh ar oiriúint na leabhar, srl. le haghaidh fótachóipeála. Má dhéanann léitheoir fótachóipeanna d'ábhar a thagann faoi chosaint cóipchirt, caithfidh sé/sí oibriú de réir fhorálacha an tAcht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000. Mura ndéantar amhlaidh tá an baol ann go gcúiseofaí an léitheoir faoin Acht.

Ní dhéanfar lámhscríbhinní, leárscáileanna nó dréachtaí móra eile a fótachóipeáil.

5.2 Déanfar orduithe le haghaidh micreascannán nó grianghraf a chomhlíonadh tré réiteach réamhdhéanta le comhlachtaí nó le leabharlanna a ghlacann na hOifigigh Reachtúla leo. Ní mór an fhoirm orduithe chuí a líonadh amach.

5.3 Ní thugtar cead d'aon duine grianghraf a thógáil de lámhscríbhinn lena cheamara féin gan cead sainráite an Leabharlannaí.

6. FOILSIÚCHÁN AGUS ATÁIRGEADH

6.1 Má theastaíonn ó éinne lámhscríbhinn ar bith de chuid an Acadaimh a fhoilsiú ina hiomláine nó ina codanna, ní mór cead a fháil ar dtús ó Leabharlannaí an Acadaimh. Dírítear aire gach éinne a bhíos ag baint úsáide as fótastait nó as ríomhphriontaí micreascannán de chuid lámhscríbhinní an Acadaimh, ar an riail seo.

6.2 Tá duine ar bith a ordaíonn fótachóipeanna de shaothair chlóbhuailte le haghaidh cúrsaí foilsiúcháin freagrach iad féin as a chinntiú nach gcuirfear isteach ar chóipcheart.

6.3 Géarfar táille atáirgthe, de réir socruithe an Leabharlannaí, ar éinne a fhoilsíonn grianghraif lámhscríbhinní nó leathanaigh as lámhscríbhinní an Acadaimh.

7. CRÍOCH

7.1 Má bhíonn aighneas ar bith maidir leis na rialacha thuas a chur i bhfeidhm is faoin Leabharlannaí a bheidh an cinneadh deireanach.

7.2 Tharlódh go leasófaí rialacha ó am go chéile. Is iad na rialacha is déanaí a eisíodh atá i bhfeidhm tráth ar bith agus bíonn feidhm leo os cionn rialacha a cuireadh amach ar thráth níos luaithe.

20 Meán Fómhair, 2010